Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Meán Fómhair 2024 (OR. en)**

**12408/24**

**CO EUR-PREP 19**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (17 agus 18 Deireadh Fómhair 2024) – Dréacht-Chlár Oibre anótáilte |

*I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar leis an gcomhalta den Chomhairle Eorpach atá mar ionadaí don Bhallstát a bhfuil Uachtaránacht leathbhliantúil na Comhairle aige agus le hUachtarán an Choimisiúin, le dréachtchlár oibre anótáilte a chur faoi bhráid na Comhairle Gnóthaí Ginearálta.*

*Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtchlár oibre anótáilte a thíolaic Uachtarán na Comhairle Eorpaí, ina leagtar amach na príomhábhair a dtabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh orthu ag an gcruinniú thuas, mar a mheastar.*

*I bhfianaise an phlé deiridh a bheidh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta laistigh de chúig lá roimh an gcruinniú den Chomhairle Eorpach, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí leis an gclár oibre sealadach a dhréachtú.*

## I. AN ÚCRÁIN

Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar gach gné de chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus ar thacaíocht chuimsitheach an Aontais don Úcráin agus do mhuintir na tíre sin.

## II. AN MEÁNOIRTHEAR

Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar an staid sa Mheánoirthear.

## III. IOMAÍOCHAS

Déanfaidh an Chomhairle Eorpach a marana ar an tuarascáil ó Mario Draghi maidir lena bhfuil i ndán d'iomaíochas na hEorpa agus beidh an chéad seisiún tuairimíochta aici ina leith.

Ina theannta sin, iarrfar ar an gComhairle Eorpach na moltaí tírshonracha comhtháite a fhormhuiniú agus Seimeastar Eorpach 2024 a thabhairt i gcrích.

## IV. MÍREANNA EILE

Déanfaidh an Chomhairle Eorpach staid na n-ullmhúchán a mheas do chruinniú COP29 maidir leis an athrú aeráide in Baku, an Asarbaiseáin, agus do chruinniú COP16 maidir leis an mbithéagsúlacht in Cali, an Cholóim.

I bhfianaise a dtarlóidh, d'fhéadfadh sé go dtabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar shaincheisteanna sonracha a bhaineann leis an mbeartas eachtrach, lena n-áirítear forbairtí sa tSeoirsia agus sa Mholdóiv.

*p.m : imirce*

*p.m.: slándáil agus cosaint*